ABAIR LEAT
HAVE YOUR SAY
HAE YER SPAKE
THE **NEW IRELAND** IS FOR EVERYONE

# AONTACHT NA hÉIREANN AGUS AN GEILLEAGAR UILE-OILEÁIN

**'Aontacht na hÉireann agus an Geilleagar Uile-Oileáin', 28 Meitheamh 2024 san Óstán Europa, Béal Feirste.**

Sinn Féin

www.sinnfein.ie/futureofireland

Bhunaigh Sinn Féin an Coimisiún um Thodhchaí na hÉireann i mí Iúil 2022. Is é an sainchúram atá air ná dul i gcomhairle le muintir na hÉireann agus go hidirnáisiúnta maidir le todhchaí na hÉireann. Bainfear é seo amach trí Thionóil Phobail a reáchtáil ar fud na tíre agus go hidirnáisiúnta; trí thuairimí i scríbhinn a bhailiú agus a fhoilsiú; cruinnithe earnála a reáchtáil agus trí rannpháirtíocht phríobháideach.

Cuirfear tuarascáil deiridh le chéile ag deireadh an tionscadail.

Seo tuairisc ar an imeacht earnála 'Aontacht na hÉireann agus an Geilleagar Uile-Oileáin' a tharla ar an 28 Meitheamh 2024 san Óstán Europa, Béal Feirste.

Cathy Gormley-Heenan, scoláire a bhí ina chathaoirleach ar an chruinniú agus ba iad Piaras Ó Dochartaigh TD, Conor Murphy CTR agus Caoimhe Archibald CTR an painéal don ócáid.

Tá físeán Aontacht na hÉireann agus an Geilleagar Uile-Oileáin ar fáil ar YouTube: https://www.youtube.com/watch?v=-qKCFxwJpwg

Tá na céadta tuairimí faighte ag an Choimisiún um Thodhchaí na hÉireann ó réimse leathan daoine aonair agus grúpaí leasmhara. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir tuairimí a chur in iúl go fóill leis an Choimisiún ag commission@sinnfein.ie nó tríd an leathanach gréasáin seo a leanas www.sinnfein.ie/futureofireland





Is é Declan Kearney CTR cathaoirleach an Choimisiúin agus is í Lynn Boylan MEP an leaschathaoirleach.

# RÉAMHRÁ

**Labhair Órlaithí Flynn CTR ag tús Thionól an Phobail go ndúirt:**




"Ba mhaith linn rannpháirtíocht an phobail a spreagadh sa chomhrá faoinár dtodhchaí chomhroinnte.

Ba mhaith linn go mbeadh cead cainte ag achan duine.

Beidh rannpháirtíocht ón lucht féachana mar chuid lárnach den phlé inniu, mar sin ná bíodh drogall ort, labhair amach.

Tá athrú bunreachtúil anois i lár an tsaoil pholaitiúil. Tá plé faoi thodhchaí bhunreachtúil na hÉireann ag tarlú fud fad na tíre agus níos faide i gcéin.

Caithfear Aontacht na hÉireann a phleanáil agus ar ndóigh ba mhaith le daoine a bheith ar an eolas faoin cineál Éireann nua a bheadh ann.

Is ionann sin is a rá go gcaithfidh na daoine sin againne atá ar son Aontacht na hÉireann an spás a chur ar fáil le haghaidh plé, le héisteacht le hábhair dóchais, le mianta agus le hábhair imní na ndaoine sin nach bhfuil cinneadh déanta acu go fóill, agus nach bhfuil siad cinnte faoin dóigh a gcaithfeadh siad vóta i reifreann aontachta.

Is mian le saoránaigh a fháil amach cad é a bheidh i gceist leis an Éirinn nua dóibh féin agus dá dteaghlaigh. Tá geilleagar láidir agus cothrom mar bhunús do shochaí rathúil agus is ar an chúis sin atá Coimisiún Shinn Féin um Thodhchaí na hÉireann ag óstáil phlé an lae inniu dar teideal Aontacht na hÉireann agus an Geilleagar Uile-Oileáin."



## RÁITEAS TOSAIGH ÓN CHATHAOIRLEACH AGUS ÓN PHAINÉAL

**Ina d'Órlaithí a bheith ag caint, ba í an cathaoirleach neamhspleách Cathy Gormley-Heenan a chuaigh i mbun an chruinnithe.**




Chuir Cathy í féin agus an páinéal in aithne agus mhol sí don lucht féachana páirt a ghlacadh san imeacht. Chuir sí Tomás Ó Néill in aithne fosta a thug tacaíocht don chathaoirleach agus a bhí ar fáil le tuairimí ar bith i nGaeilge a aistriú. Chuir Cathy féin an chéad cheist – An acmhainn dúinn Aontacht na hÉireann?

**D'fhreagair Caoimhe Archibald agus dúirt,** "Is í an cheist atá ann an lenár leas é an chríochdheighilt agus an t-aontas leis an Bhreatain." Labhair sí faoi na ciorruithe, an déine agus an féindochar a bhí mar thoradh ar an Bhreatimeacht - go háirithe ar réigiún atá ag éalú ón choimhlint. Dúirt Caoimhe go bhfuil daoine a mbíodh drogall orthu faoi pháirt a ghlacadh sa phlé ar Éirinn aontaithe, daoine ó chúlra Protastúnach nó Aontachtach, ag glacadh páirte sa phlé anois.

Tá Caoimhe den bharúil nach mbeadh mórán d'athrú ann fiú agus rialtas nua de chuid an Lucht Oibre i gcumhacht. Rinne sí tagairt don tearcinfheistíocht ó Rialtas na Breataine i seirbhísí poiblí. Dúirt Caoimhe nach raibh an geilleagar ó thuaidh ag dul go maith agus mar gheall ar an chríochdheighilte go raibh sé sin nasctha go díreach le geilleagar na Breataine, nach raibh ag éirí go maith leis. Rinne sí comparáid le geilleagar níos dinimiciúla ó dheas, a dhéanann i bhfad níos mó infheistíochta i scileanna agus ina bhfuil a thrí oiread níos mó daoine óg ó dheas cláraithe ar cláir oiliúna scileanna. Mar gheall air seo, a dúirt sí, tá an bhearna táirgiúlachta idir an tuaisceart agus an deisceart anois ag 40% agus tháinig fás air seo le 20 bliain. Arsa Caoimhe 'Tugann aontacht na hÉireann deis dúinn an tsochaí agus an geilleagar atá uainn a thógáil agus na seirbhísí poiblí agus an bonneagar atá oiriúnach don 21ú haois a fhorbairt.'

**Thug Conor Murphy freagra ar an cheist chéanna agus dúirt,** "Mar fhreagra gairid air seo, is acmhainn dúinn Aontacht na hÉireann! Céad bliain ó bhí bhí an stát ó thuaidh ar an cheantar ba shaibhre ar an oileán, agus sna blianta tosaigh is amhlaidh gur chuir sé go mór leis an státchiste." Thug Conor ceacht cuntasóireachta ar an fhóirdheontas. Dúirt Conor, agus é ag caint faoin pháipéar a d'fhoilsigh Fitzgerald agus Morgenroth le gairid; "Deir sé sa pháipéar go gcosnódh aontacht €20 billiún sa bhliain ach tá sé sin ag brath ar an dóigh a léann tú na figiúir. Áirítear leo ranníocaíocht an tuaiscirt le fiacha na Breataine, cothabháil an rítheaghlaigh agus beartas eachtrach na Breataine i measc costais eile, rud nach mbeadh ina fhachtóir i gcás aontachta."

**Dúirt Conor;** "Tugann eacnamaithe mór le rá eile ar nós John Doyle in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath le fios go dtiocfadh le costas an fhóirdheontais a bheith chomh híseal le €2.8 billiún in aghaidh na bliana, nach mbeadh ann ach 1.5% de gheilleagar bliantúil an deiscirt i gcomparáid." Dúirt sé go mbeadh aschur eacnamaíoch ollmhór agus rathúnas le cumas ollmhór fáis mar thoradh ar an aontacht mar a phléigh Kurt Hubner ina thuarascáil. Tá táirgiúlacht, poist, pá agus bearta rathúnais eile an-lag sa tuaisceart i gcomparáid leis an deisceart. An bhfuil sé lenár leas gan dul leis an aontacht? Tá muid ceangailte le geilleagar ísealfhás, oileánach atá ag titim sa Bhreatain. Is é an nasc leis an Eoraip agus leis an gcuid eile den domhan an rud is féidir a bheith ag súil leis ach aontacht a bheith ann. Is amhlaidh atá an lucht gnó ag tuiscint níos mó agus níos mó, beag beann ar an dearcadh thraidisiúnta pholaitíochta atá cuid acu, ó thaobh an gheilleagair de, aithníonn siad gurb ann don gheilleagar uile-oileáin agus gurb é sin an todhchaí is fearr don oileán seo agus tá daoine níos faide chun tosaigh ná an pholaitíocht faoi láthair.

**Agus é ag tabhairt freagra ar an cheist chéanna, dúirt Piaras Ó Dochartaigh:** "Thig linn staitisticí a úsáid cibé bealach is mian linn. Tá a fhios againn go bhfuil fóirdheontas ag an stát seo anseo (ó thuaidh) mar gheall ar na fachtóirí a luaigh Caoimhe agus Conchúr. Is í an fhírinne go bhfuil an chumhacht eacnamaíochta i Londain. Caithfidh muid an cheist a chur, i gcomhthéacs Éireann aontaithe, cén fóirdheontas a bheadh ann ar an chéad lá agus is ceist dhifriúil ar fad í sin. Mar a luaigh Conor, ní bheifí ag seirbhísiú fhiachas na Breataine mar aon aonad amháin, cad chuige a mbeifí? Ní bheifí ag seirbhísiú an billiún Eura d'Arm na Breataine agus bheadh deireadh leis sin. Beidh daoine anseo a d'íoc isteach ina bpinsin nuair a bhí siad ag obair fós ag fáil a bpinsin íoctha, ar an bhealach chéanna go bhfaighidh daoine i nDún na nGall atá ag obair in Albain a bpinsin fós íoctha trí Státchiste na Breataine. Sin an fáth a laghdaíonn an tOllamh John Doyle an líon go €2.8 billiún.

Mar sin de is acmhainn dúinn ar fad í, ní hí sin an cheist.



Tá an geilleagar iontach láidir sa deisceart. Le cúpla bliain anuas tá tá sé ar an gheilleagar is gaiste fás san Eoraip.  Tá easnaimh sa Bhreatain ag £87 billiún thart ar 3% den ioncam agussa Deiscearttábarrachais de 3% ann

Tá muid i ndiaidh a bheith ag déileáil le himircigh (sa stát ó dheas) agus go háirithe mar gheall ar an chogadh san Úcráin ach tá an costas seo níos mó ná an costas a d'aithin an ESRI a bhainfeadh leis an aontacht. Is é 37bn Euro na barrachais a bheidh á dtaifead againn sna ceithre bliana amach romhainn, tá an geilleagar an-láidir ó dheas agus is é anchúis leis seo ná go raibh an rialtas in ann cinntí a dhéanamh atá ar mhaithe le geilleagar na hÉireann agus muintir na hÉireann."

Ag labhairt dó faoi bheith ina bhall de Choiste Airgeadais an Oireachtais le 14 bliana anuas dúirt Piaras gurb iad cuid de na rudaí is tábhachtaí a dhéanann an Bille Airgeadais bliantúil ná scéimeanna dreasachta cánach a athrú a bhaineann le tacú le réigiúin agus le hearnálacha lena n-áirítear na healaíona agus an spórt agus ní hann don ghiaráil sin sa tuaisceart.  Is ann don fhóirdheontas toisc go bhfuil an ghiaráil airgeadais ó thuaidh in easnamh go mór.  Bheadh giaráil ann le ceisteanna an gheilleagair ó thuaidh a réiteach ach Aontacht na hÉireann a bheith ann. Ní aon chúis nach dtig le Doire a bheith chomh rachmhasach le Ciarraí.







D'iarr Cathy Gormley-Heenan tuairimí ar an lucht féachana ansin bunaithe ar an méid a bhí cloiste ag daoine.

## TUAIRIM ÓN LUCHT FÉACHANA

**Chuir Frank Martin ón Charraig Mhór** an imní a bhí air féin in iúl maidir leis an Bhreatimeacht agus "dul chun cinn 40 bliain" a chur ar gcúl.  Is é an tuairim atá an Frank go gcaithfidh Éire scarúint ón Bhreatain agus a bheith athailínithe arís agus nach mbeidh rath ar an saol amach anseo gan sin a dhéanamh. Rinne sé tagairt don difríocht pá idir thuaidh agus theas ag rá go bhfaigheann a gariníon atá ina cógaiseoir tuarastal 50% níos mó sa deisceart ná sa tuaisceart. D'iarr Frank fosta faoin uair a bheadh Páirc Mhic Ásmainn réidh.

**D'iarr Tom Hartley** "Cén tionchar a bheadh ar gheilleagar na hÉireann agus méadú 1.3 milliún ar an phobal, 3 aerfort eile, tuilleadh bonneagair? An bhfuil tionchar dearfach ann agus tuilleadh saoráidí ag teacht faoi scáth gheilleagar na hÉireann?"

**Dúirt duine ón lucht féachana:** "Tá thart ar 30,000 mac léinn ag imeacht ón deisceart le dul chun na hAstráile.



Ceann de na honnmhairí is mó sa tuaisceart ná ár gcéimithe. Téann siad go hAlbain, chun na Breataine Bige, go Sasana agus tá go leor acu ann nach dtagann ar ais. Tá an ráta cánach corparáide ó thuaidh i bhfad ró-ard, cad é mar a thógaimid Éire aontaithe a spreagann na daoine óga seo chun fanacht mar go bhfuil gach cara liom ag caint faoi dhul ar imirice. Cad é mar a spreagfaimid Infheistíocht Dhíreach Eachtrach sa tuaisceart?"

Mar fhreagra air seo, dúirt Conor Murphy, "Mar fheagra ar phointe Tom, cuirtear in iúl i dtólamh sa phlé seo gur ualach don deisceart é an tuaisceart. Ba spéisiúil nuair a d'fhoilsigh Fitzgerald and Morgenroth a bpáipéar gur chuir David McWilliams tvuít amach go ndúirt "20 Billiún, Saor", ag cur in iúl gur sladmhargadh a bhí ann.

Tá trí cinn de na calafoirt is mó ar chósta an Oirthir sa tuaisceart agus dhá cheann de na hollscoileanna is fearr ar an oileán atá líonraithe isteach in ollscoileanna agus coláistí eile. Is oileán í Éire ina bhfuil 8 milliún duine, i ndáiríre, agus is iontach an rud é go bhfuil go leor forbartha agus taighde eacnamaíochta agus sláinte ann. Tá ceann de na hearnálacha déantúsaíochta is úire againn áit ar bith, ó thuaidh, atá chun tosaigh ar fud an domhain, earnáil teicneolaíochta airgeadais an-mhaith i mBéal Feirste agus earnáil chibearshlándála den scoth i mBéal Feirste. Tá rudaí atá á n-infheistiú in earnáil na n-ealaíon i mBéal Feirste gan sárú ar fud an domhain. Bíonn an díospóireacht i gcónaí mar rud diúltach nuair ba chóir í a chumadh mar rud dearfach.

Tá deis iontach anseo. Tá céatadán de na daoine a fhágann toisc go bhfuil siad ag iarraidh dul agus taisteal agus taithí a bheith acu. Ach tá líon na ndaoine óga atá ag iarraidh dul go ar Ollscoil anseo ach nach féidir leo a bheith thart ar 25%. Is éard atá i gceist leis an réiteach air seo ná níos mó maoinithe poiblí, dá gcuirfí níos mó áiteanna ollscoile trí mhaoiniú poiblí, dá méadófaí táillí teagaisc, ní bheadh an ollscoil chomh hinrochtana céanna. Deis iontach earcaíochta agus chun oiliúint a chur ar dhaoine óga. Tuigim go bhfuil frustrachas ar dhaoine faoin pholaitíocht ach ba mhaith linn go bhfanfadh daoine óga agus go mbeadh deiseanna ann

dóibh agus caithfimid labhairt leo, seachas a rá go bhfuil an geilleagar marbh anseo.

Tá fíordhúshlán ann ó thaobh pá de, is féidir leat pá i bhfad níos airde a fháil ó dheas agus coinníollacha níos fearr agus is é sin mar thoradh ar an chríochdheighilt agus is é an t-aon réiteach air sin ná deireadh a chur leis an chríochdheighilt"

D'fhreagair Pearse Doherty ag rá – "I gcomhthéacs daoine óga, tá muid ag caint faoi Éirinn nua. Ar fud na hÉireann, mothaíonn daoine óga nach bhfuil an áit seo dóibh, is féidir le hathrú bunreachtúil deis a thabhairt breathnú ar a bhfuil briste agus ar a bhfuil ag obair. Tá dúshláin ollmhóra ann ó dheas, tithíocht mar shampla a thiomáineann daoine thar lear ach sin fadhb a chruthaigh muid féin agus fadhb gur féidir a shocrú leis an chineál ceart polasaí. Caithfidh daoine óga a bheith in ann fanacht anseo agus clann a thógáil más mian leo, tá an scéal uile fite fuaite trína chéile.

Tá an Breatimeacht tábhachtach ach ní hé deireadh an domhain é, is é an rud is tábhachtaí ná go bhfuil cinneadh déanta cheana féin ag Coimisiún an AE go mbeadh an t-oileán ar fad go huathoibríoch san AE sa chás go mbeadh Éire aontaithe ann. Mar sin, caithfidh muid na deiseanna a mhíniú.

Maidir le ceist Thomáis, is í fírinne an scéil, beag beann ar an fhás atá tagtha ar gheilleagair an deiscirt agus an tuaiscirt, go bhfuil an chríochdheighilt ina bac ar an bheirt acu. Tá Dún na nGall mar chuid de gheilleagar an deiscirt agus tá an fheidhmíocht is measa sa stát ó thaobh bochtaineachta agus dífhostaíochta de, an leibhéal ioncaim indiúscartha is ísle sa stát agus an leibhéal is airde ag brath ar chártaí leighis sa stát. Cad chuige? Is cuid de gheilleagar an Deiscirt muid, is í an chríochdheighilt an chúis atá leis. Tá na staitisticí céanna ar an tSrath Bán, tá an chríochdheighilt ag dul i bhfeidhm ar chonair na teorann. Is é an rud a bhfuil muid caint faoi anseo ná bacainní a bhriseadh síos ó thaobh dlí fostaíochta, timpeallacht trádála srl – comhinfheistíocht a fhorbairt, breathnú ar an oileán mar oileán, ag féachaint ar oideachas mar oileán, ag cinntiú nach bhfuil cás againn ina bhfuil 80%



níos lú Infheistíocht Dhíreach Eachtrach sa tuaisceart ná an chuid eile den stát.

Cé go bhfuil na bacainní ann, tá daoine agus lucht gnó ag bogadh níos faide ná iad. Tá forbairt 20% tagtha ar an trádáil thuaidh-theas ó 2022, €9.5 billiún anois. Má bhriseann muid na slabhraí, chonaic muid ón samhaltú go bhfásann an tuaisceart agus an deisceart nuair a bhriseann muid síos na bacainní.

Dar liom nach bhfuil an t-easnamh ar cheann de na staitisticí is mó, is é fírinne an scéil go bhfuil ionchas saoil 1.5 bliain níos mó ag cailín óg a rugadh ó dheas inniu ná mar atá i  gcailín óg a rugadh ó thuaidh, sin locht na críochdheighilte, tá baint aige leis an bhochtaineacht agus sin toisc nach bhfuil an ghiaráil eacnamaíochta againn atá de dhíth le sochaí níos fearr a bhaint amach ó thuaidh agus sin an deis cheart a bhaineann le hathrú bunreachtúil."





## TUAIRIM ÓN LUCHT FÉACHANA

**Róisín Nic Liam** - "Cad é mar a chuireann muid leis na ceantair Ghaeltachta. Cad é mar a chuireann muid an gheillgear chun cinn? Cad é mar is féidir linn na buntáistí a bhaineann le haontacht na hÉireann a chur in iúl do phobail na Gaeltachta?"

**Rosa McLoughlin** -  "Cúpla ceist, an bhfuil pleanáil de dhith anois, thuaidh agus theas, cad é na rudaí atá de dhíth sa phlean sin ó thaobh na heacnamaíochta agus na polaitíochta de? Cúpla ceist, an bhfuil pleanáil ann anois, sa Tionól agus sa Dáil, cad iad na rudaí atá ag teastáil sa phlean sin ó thaobh na heacnamaíochta agus na polaitíochta de?"

**Ball den lucht féachana** – "Luadh an Infheistíocht Dhíreach Eachtrach cúpla uair. Tá caighdeán maireachtála ár muintire ó dheas mar thoradh air sin.  D'eisigh Conor a straitéis earnála nua inné agus d'éirigh go hiontach linn sna 6 chontae le hInfheistíocht Dhíreach Eachtrach le comhlachtaí

teicneolaíochta ach is minic a bhíonn sé mar chuid den dúshlán ná gur ionaid ghlaonna iad agus nach bhfeabhsaíonn sé an leibhéal táirgiúlachta. Is minic a bhíonn ár gcomhlachtaí dúchasacha thíos leis an bhoilsicú pá agus conas is féidir leo dul san iomaíocht. In Éirinn aontaithe, conas is féidir linn cuideachtaí dúchasacha a chosaint agus gan táirgiúlacht a laghdú?"

**Ball den lucht féachana Tomás** -"is as Ard Mhacha mé, tá cónaí orm i Sasana, thaistil mé ó Mhanchain le bheith anseo ar maidin. Tá cailín 5 bliana d'aois agam a labhraíonn Gaeilge agus a imríonn camógaíocht. Tá mé an-bhródúil as mo chúlra. Agus iad ina gcónaí i Sasana, agus iad ina gcónaí le daoine den aicme oibre, níl a fhios acu tada faoin streachailt atá againn ó thuaidh ach tá an-dúil acu foghlaim faoi fhíorstair an tuaiscirt. Mar dhuine a chuaigh go Béal Feirste agus a rachaidh go Baile Átha Cliath, feicfidh tú an difríocht mhór ó thaobh na forbartha de. Ó thaobh na turasóireachta de, cad é mar a thig linn an turasóireacht a mhéadú ar fud an tuaiscirt? Creidim gur deis ollmhór é sin."

**Dúirt Piaras Ó Dochartaigh** mar fhreagra: "Sílim go dtuigeann comhlachtaí anois go bhfuil tábhacht ag baint leis an teanga, anois níos mó ná riamh. Tá comhlachtaí ag tuiscint go bhfuil luach ag baint leis an nGaeilge. Ó thaobh an Údaráis Ghaeltachta de, tá sé lonnaithe sna ceantair bhochta tuaithe ach tá siad in ann comhlachtaí a mhealladh chuig na ceantair sin, cosúil leis na comhlachtaí vacsaíne. Sílim go bhfuil na féidearthachtaí ann, tá na poist ar fáil agus tá na féidearthachtaí ann do d'aois óg. Ó thaobh na réamhoibre de, ní mór an réamhobair a dhéanamh i ngach gné amhail saincheisteanna eacnamaíocha. Coinníonn muid orainn á rá sin leis na bainc.

Caithfidh stát na hÉireann pleanáil chun cinn anois maidir leis an athrú bhunreachtúil a bheadh i gceist. Is iad sin na gealltanais a bhí agam leis an Bhanc Ceannais agus le GBCN mar Urlabhraí Airgeadais an fhreasúra. Labhair muid leo faoi na deiseanna a bheadh ann ó thaobh mhéid an mhargaidh agus straitéisí infheistíochta de. Ach tá gá suí síos agus é seo a phleanáil amach. Caithfidh gach duine atá ag dréim le hÉirinn aontaithe a bheith cinnte faoin dóigh a dtig linn na deiseanna a thapú."

**D'fhreagair Conor Murphy ag rá** –"Tá Sinn Féin i ndiaidh an Roinn Geilleagair a thógáil ó mhí Feabhra, tá méadú tagtha ar an méid a chuir muid le Intertrade Ireland a bhí tite faoi bhun na leibhéal a bhí ag teastáil. Tá sé sin déanta againn le Tourism Ireland fosta. Ní raibh leibhéal cuí rannpháirtíochta ón rialtas ná ó ghníomhaireachtaí leis na blianta anseo (idir thuaidh agus theas). Tá i bhfad níos mó comhoibrithe anois leis an rialtas ó dheas agus fonn láidir ar rialtas an deiscirt comhoibriú lena chéile. Tá Invest NI, Intertrade

Ireland, IDA agus Fiontraíocht Éireann ag obair go dlúth le chéile anois.

In ainneoin an easpa rannpháirtíochta, tá an fás i ngeilleagar uile na n-oileán 6 huaire le 10 mbliana anuas.

Maidir le hInfheistíocht Dhíreach Eachtrach i gcoinne gnólachtaí dúchasacha, rinneadh cáineadh bailí. Nuair a tháinig mé isteach sa Roinn Geilleagair thug muid ceithre phointe fócais do gach rud a dhéanann an roinn – poist mhaithe, cothromaíocht réigiúnach, táirgiúlacht agus glan-nialas. D'inis muid fosta do Intertrade go gcaithfidh gnó dúchasach an fócas céanna a fháil le hInfheistíocht Dhíreach Eachtrach.

Is geilleagar fiontraíochta an-bheag muid. Ní mór dúinn gnólachtaí beaga a thabhairt le chéile chun tionchar a imirt ar athrú. Maidir le cúrsaí turasóireachta, tá níos mó airgid infheistithe ag an Roinn Geilleagair sa turasóireacht. Easnamh a bhí ann i gComhaontú Aoine an Chéasta nár cruthaíodh comhlacht turasóireachta amháin don oileán ar fad. Ach tá na 3 ghníomhaireacht agus an dá Roinn (thuaidh agus theas) anois ag plé agus ag obair le chéile. Tá muid ag caint faoin dóigh ar féidir linn na brandaí turasóireachta a leathnú amach ó thuaidh – Slí an Atlantaigh Fhiáin, Sean-Oirthear na hÉireann, na Croíthailte Folaithe. Tá ag éirí go han-mhaith leis an tuaisceart ó aimsir Covid go háirithe agus turasóirí ón deisceart ag teacht ó thuaidh. Tagann thart ar 70 faoin gcéad de thurasóirí chuig an oileán trí aerfort Bhaile Átha Cliath agus is dúshlán é iad a fháil le teacht agus an t-oileán ar fad a fhiosrú."

**Dúirt Caoimhe Archibald,**
"Ní mór pleanáil eacnamaíochta a dhéanamh i ndáiríre agus caithfidh sé tarlú go tapa. Ba cheart breathnú ar chostas an athaontaithe mar infheistíocht. Nuair a labhraímid faoin easpa táirgiúlachta ó thuaidh, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil daoine ó thuaidh chomh fiontraíochta nó chomh nuálach, tá tallann agus acmhainneacht ollmhór againn anseo agus ní mór dúinn é a uasmhéadú chun cur ar chumas daoine a gcumas a bhaint amach."



**D'fhiafraigh an Cathaoirleach Neamhspleách Cathy**

**Gormley-Heenan de Chaoimhe,** "An ndéanfadh méadú ar chineachadh fioscach, difríocht do gheilleagar uile an oileáin?"

**Ag freagairt di, dúirt Caoimhe :** "Tá cumhacht an-teoranta againn, faighimid ár mblocdheontas ó rialtas na Breataine, is é an post atá agam (mar Aire Airgeadais) ná an maoiniú a roinnt amach, rud atá ag laghdú i dtéarmaí réadacha. Is é an t-aon ghiaráil fhioscach fíor atá againn ná an ráta réigiúnach agus is é sin bille a chuirtear ar aghaidh chuig gnáth-theaghlaigh agus gnólachtaí agus mar sin tá sé teoranta.

Mar chuid den chomhaontú chun na hinstitiúidí polaitiúla ó thuaidh a athbhunú, bhí comhaontú againn chun creat fioscach nua a fhiosrú agus tá roinnt dul chun cinn déanta leis sin ach ba mhaith linn fosta go mbeadh níos mó uirlisí bainistíochta buiséid ann don Fheidhmeannas.

D'aithin an Coimisiún Fioscach a bhunaigh Conor le déanaí nuair a bhí sé ina Aire Airgeadais roinnt réimsí féideartha chun cumhachtaí a chineachadh. Ba mhaith linn an oiread cineachadh airgeadais agus is féidir a dhéanamh chun ár gcuspóirí beartais a bhaint amach. Ar an gcéad dul síos caithfear na cumhachtaí seo a fháil agus cinneadh a ghlacadh cad atá le déanamh leo, agus tá cuid acu níos casta ná a chéile, mar shampla, ó thaobh a bheith in ann iad a chineachadh. Is rudaí iad rudaí cosúil le Cáin Ioncaim agus Dleacht Mháil, agus an Tobhach Printíseachta ar mhaith linn dul chun cinn a dhéanamh leo láithreach. Mar Fheidhmeannas beidh orainn seasamh a ghlacadh ina leith sin agus is gá oibriú le páirtithe eile. Baineann sé leis na cumhachtaí a athrú agus ansin iad a dháileadh chun cuspóirí beartais a bhaint amach agus seirbhísí poiblí níos fearr a sholáthar."

Chuaigh Cathy Gormley-Heenan ar ais chuig an lucht féachana ansin ag fiafraí an raibh aon cheisteanna a bhain le cúrsaí gnó ag aon duine.

## TUAIRIM ÓN LUCHT FÉACHANA

**Dúirt Colin Neill ó Hospitality Ulster,** "D'éirigh go hiontach le Tourism Ireland, fiú nuair nach raibh Feidhmeannas againn d'oibrigh sé as baile agus tá buntáistí móra feicthe againn le €6 billiún euro agus 300,000 post cruthaithe ar oileán na hÉireann. Tá éacht réasúnta maith déanta ag Tourism Northern Ireland fosta agus méadú 43% tagtha ar líon na gcuairteoirí ó dheisceart na hÉireann, rud atá an-dearfach. Beidh a dtuairimí polaitiúla féin ag ár mbaill ach mar eagraíocht tá tuairim láidir againn gur rud an-dearfach é an geilleagar uile-oileáin . An féidir linn geilleagar uile-oileáin a fhás anois agus d'fhéadfadh sé an t-easnamh fioscach a laghdú de réir mar a théimid ann, má tá ag éirí go maith lenár ngeilleagar intíre agus má éiríonn go maith

lenár bhfoireann."

**Dúirt Frank Martin:** "Tá baint mhór agam le fuinneamh gaoithe agus talmhaíocht.  Ceann de na fadhbanna atá againn ná an dóigh le bogadh ar shiúl ó rótháirgeadh na talmhaíochta agus bogadh i dtreo fuinneamh in-athnuaite. Faoi láthair tá muid in iomaíocht leis na heastáit ríoga, tá siad ag cinneadh cá dtéann an bonneagar.  Sin an fáth go bhfuil sé ag dul isteach san fharraige agus beidh muid ag íoc leis an teaghlach ríoga ar feadh na mblianta atá le teacht mar go rialaíonn rialtas na Breataine ár n-uiscí a rialaíonn gach rud i láthair na huaire."

**Tuairim ón lucht féachana** – "Cén seans atá ann go gcuirfear i bhfeidhm an Cháin Chorparáide 12.5% ó thuaidh roimh aontacht na hÉireann?"

**D'fhreagair Piaras Ó Dochartaigh ag rá** – "Tá sé sin ar fad ceangailte le cineachadh na gcumhachtaí fioscacha agus leis an choinníollacht a thagann leis sin chun tairbhe an 12.5% a fháil.  Tá 12.5% mar chuid den tarraingteacht ó dheas, beidh go leor cuideachtaí Infheistíocht Dírí Eachtraí ó dheas anois ag íoc 15% ar a laghad mar chuid de chomhaontú an OECD.  Is iad na codanna eile an rochtain gan srian ar an Aontas Eorpach, lucht saothair oilte, bonneagar, an acmhainn agus na gnólachtaí dúchasacha a thacaíonn leis an earnáil Infheistíochta Dírí Eachtraí chomh maith.

Baineann sé fosta le cobhsaíocht chomh maith, tá tuiscint ann go bhfuil Infheistíocht Dhíreach Eachtrach tábhachtach agus go dtuigtear é sin ar fud na deighilte polaitiúla den chuid is mó.  Aithnímid an tábhacht a bhaineann leis ó thaobh post de ach ó thaobh cánach de a chumasaíonn infheistíocht i gcúrsaí sláinte agus oideachais agus mar sin de.  D'athraigh Bille Airgeadais na bliana seo caite deontais taighde 5% eile, rud nach féidir a dhéanamh ó thuaidh toisc nach bhfuil an ghiaráil fhioscach ann.  Tharla sé seo mar gheall ar phlé leis an IDA.



An féidir leis an 12.5% seo tarlú ar fud an bhoird roimh aontacht? Ní chreidim mar gheall ar an easnamh i gcumhachtaí fioscacha ó thuaidh agus difríocht i rialacháin thuaidh agus theas. Beidh airgeadra aonair againn ó thaobh Éire aontaithe de.

Is é deireadh a chur leis an chríochdheighilt an t-aon bhealach chun an geilleagar uile-oileáin a scaoileadh, chun bacainní a bhaint.

Is frustrachas ollmhór é fuinneamh gaoithe amach ón chósta dár bpáirtí ó dheas, áit a bhfuil an ghiaráil fhioscach go léir againn i dtíortha eile ag déanamh iontais cén fáth nár bhain muid leas as an méid atá amach ón chósta ó thaobh fuinneamh gaoithe de, níl an infheistíocht déanta ag an rialtas ansin agus thapaigh siad an deis sin neamhspleáchas fuinnimh a bheith acu agus fuinneamh a chur ar fáil do thíortha Eile na hEorpa ar bhealach inbhuanaithe.

Maidir le heagla a chur roimh mhargaí, cad é an chuma atá ar an mhargadh, tá roinnt ceisteanna, nuair a dhéanann an t-athrú airgeadra, cad é a bhfuil sé ceangailte leis, cén dáta a athraíonn sé, cad é mar a tharlaíonn sé seo go léir, cad a tharlaíonn do rátaí cánach agus cé chomh fada a bhíonn siad difriúil le linn idirthréimhse? Seo iad na comhráite atá de dhíth orainn. Tá níos mó deiseanna ná dúshláin ann. Caithfimid é sin a phleanáil ionas go mbeidh tuiscint shoiléir ann faoina bhfuil ar an taobh eile den reifreann.

Ónár rannpháirtíocht leo siúd a cheannaíonn fiachas na hÉireann, agus GBCN a dhíolann fiachas na hÉireann thar ceann stát na hÉireann, is é an rud is tábhachtaí ná plean a bheith againn. Nuair a bhíonn plean agat, tosaíonn margaí ag amharc air sin, is é an rud nach bhfuil FDI ag iarraidh ná turraing. Teastaíonn pleanáil uainn, teastaíonn Tionól Saoránach agus páipéar ó rialtas na hÉireann uainn agus teastaíonn comhpháirtithe eile uainn chun páirt a ghlacadh sa chomhrá seo. Cinnteoimid go dtarlóidh sé sin gan mhoill má bhíonn muid i gceannas ar an chéad rialtas eile."

**Dúirt Conor Murphy freisin** – "Luaigh Piaras na bacainní ar fad ar an gheilleagar uile-oileáin, ach dá n-ainneoin, tá fás tagtha ar gheilleagar uile an oileáin agus tá sé ag fás i gcónaí. Ceann de na hathruithe ná go bhfuil polasaí agat anois ar dhá thaobh na teorann a thacaíonn le fás eacnamaíoch. Ó thaobh na cothroime de, tá go leor oibre déanta taobh thiar de na radhairc idir gníomhaireachtaí thuaidh agus theas agus ranna rialtais, tá go leor nasc orgánach tógtha.

Bhuail mé le go leor gnólachtaí a mbeadh baint acu de ghnáth le dearcadh traidisiúnta aontachtach, ach bhí cos ag gach aon duine ó dheas. D'aithin gach duine acu gurbh é sin an bealach le dul.

Tá go leor gur féidir linn a dhéanamh chun tacú leis an méid atá ag tarlú cheana féin, roimh an athrú bhunreachtúil. Tá margadh leictreachais aonair againn ar an oileán cheana féin, tá uaillmhian chomhroinnte againn a bheith féin-leordhóthanach i bhfuinneamh in-athnuaite agus ar deireadh thiar glan-onnmhaireoir fuinnimh. An tseachtain seo chugainn beidh mé ag bualadh le John O'Dowd agus Eamonn Ryan ag Calafort an Fheabhail chun plé a dhéanamh ar dheiseanna i ngaoth amach ón chósta agus ar an chladach agus foinsí fuinnimh in-athnuaite eile. Tá pleananna againn maidir le bithfhuinnimh, geoiteirmeach, gaoth agus ní mór dúinn a fháil amach an dóigh leis na rudaí sin a chur i bhfeidhm. Tá sé mar uaillmhian againn Eastát Stormont ar fad a théamh trí gheoiteirmeach agus ansin osclaíonn sé deiseanna móra ar thaobh na déantúsaíochta ach freisin do theaghlaigh a bhainfeadh tairbhe as praghsanna cobhsaí fuinnimh, fuinneamh glan, glas agus an deis a bheith ina nglan-easpórtálaí fuinnimh. Fiú laistigh de na teorainneacha fioscacha tá na deiseanna ollmhór, agus éiríonn siad i bhfad níos substaintiúla i gcás an athraithe bhunreachtúil."

**Ansin chuir Cathy Gormley-Heenan an cheist ar Caoimhe Archibald faoi riosca i gcoinne luach saothair maidir le cineachadh fioscach**

**Dúirt Caoimhe Archibald** – "Go raibh maith agat Cathy, maidir le ceist Colin sílim go bhfuilimid ag dul sa treo cheart maidir le comhoibriú thuaidh theas agus geilleagar an uile-oileáin ach tá bacainní fós ann.

Ní hionann cineachadh fioscach agus infheistíocht cheart a dhéanamh i seirbhísí poiblí ach an oiread toisc nach féidir leat cáin a ghearradh ar dhaoine chun bearnaí a líonadh, bheadh an deis agat ioncam a ghiniúint ar bhealach níos cothroime ná mar atá faoi láthair nuair nach féidir linn ach muirir chúlchéimnitheacha a chur leis an bhealach a íocann daoine cheana féin agus i mo thuairim nach é sin an bealach ceart le dul.

Maidir le cáin chorparáide ba mhaith linn cáin chorparáide a chomhchuibhiú thuaidh agus theas, ritheadh reachtaíocht chun cáin chorparáide a chineachadh ó thuaidh, ach níor cuireadh tús leis riamh toisc go bhfuil gné inacmhainneachta ann agus go laghdófaí an blocdheontas chun go mbeadh cosc ar cháin chorparáide a chineachadh. Luaitear sna figiúirí deireanacha £800 milliún d'fháltais ó cháin chorparáide. Nuair a fhéachann tú ar an bhrú atá ar ár seirbhísí poiblí beidh méadú tagtha ar an líon sin mar go bhfuil éagsúlacht sa ráta cánach ó shin. Go hidéalach, is é an rud atá uait ná gnáthshaoránaigh a bhaineann tairbhe as poist a íocann go maith. Tá níos mó oibre le déanamh ar cháin chorparáide, chlúdaigh an Coimisiún Fioscach é seo a d'admhaigh gur fiú níos mó a fhiosrú ach tá fadhbanna leis.

Tá an cheist maidir le riosca i gcoinne luach saothair agus cineachadh cumhachtaí fioscacha thar a bheith tábhachtach mar go bhféadfadh sé ioncam a chailleadh mar a bhí in Albain. Ní mór dúinn an méid is mian linn a bhaint amach ó chuspóir beartais a ailíniú leis na cumhachtaí a ndéanaimid iarracht iad a chineachadh agus a úsáid. Leag Conor amach a fhís eacnamaíoch maidir le poist mhaithe a chruthú agus táirgiúlacht a fheabhsú, dá mbeadh cáin ioncaim cineachta agat, d'ardódh na rudaí sin do cháin ioncaim gan fiú teagmháil a dhéanamh leis an ráta de, ach dá mbeadh an cháin a shanntar dúinn cothódh sé geilleagar níos táirgiúla, chuideodh idirghabhálacha eile ar nós cúram leanaí le níos mó daoine a chur i bhfostaíocht ionas go mbeadh sé faoi na cumhachtaí a fháil agus iad a úsáid chun an méid a dhéanaimid a chur i gcrích."

**Dúirt Cathy Gormley-Heenan;** "Tá daoine ann a mhaíonn go bhfuil an chuid is fearr den dá shaol ag Tuaisceart Éireann, le rochtain gan srian ar mhargaí na Breataine Móire agus an Aontais Eorpaigh, cén tairbhe a bhaineann le geilleagar uile-Oileáin nuair is cosúil go bhfuil buntáistí dá chuid féin ag baint leis an tuaisceart?

**D'fhreagair Conor Murphy ag rá** – "Drochrud a bhí sa Bhreatimeacht agus sin an fáth gur vótáil daoine ar fud na deighilte polaitiúla anseo fanacht san Eoraip, tá áibhéil á déanamh ar an argóint gurb ann don chuid is fearr den dá shaol. Bhí ballraíocht san AE ag dul chun tairbhe an oileáin, an mhargaidh aonair agus an aontais chustaim cheana féin agus bhí sé an-tairbheach agus sa talmhaíocht freisin deireadh a chur leis na baic fhisiciúla ar an teorainn.

Níl an rud atá againn chomh dona leis an Bhreatimeacht a bhí beartaithe. Tá dé-rochtain ar an mhargadh againn atá ina bhuntáiste uathúil anseo agus ní mór dúinn leas a bhaint as seo agus tá Invest NI ag féachaint air seo. Ní mór dúinn scrúdú a dhéanamh ar cad a chiallaíonn dé-rochtain i ndáiríre do ghnólachtaí éagsúla.

Is é an fás is mó atá againn inár ngeilleagar ná earnáil na seirbhíse, ní chlúdaíonn an Prótacal seirbhísí. Níor réitigh dérochtain an Breatimeacht ach chuidigh sé linn gan an leagan is measa de a fháil. Tá drochthionchair mhóra mar thoradh ar an Bhreatimeacht anois, go háirithe ó thaobh na turasóireachta de, mar shampla tá sé i gceist ag rialtas na Breataine údarú taistil leictreonach a thabhairt isteach, rud a chiallaíonn go mbeadh ar thurasóirí idirnáisiúnta a thagann go dtí an tuaisceart ó Bhaile Átha Cliath cead a líonadh, mar sin titfidh líon na dturasóirí sin.

Cuirfear isteach chomh maith ar fhostaithe atá ag obair ó thuaidh agus atá ina gcónaí ó dheas. Mar sin, tá fíorthionchar diúltach ón Bhreatimeacht. Dá luaithe is féidir linn teacht ar athiontráil uathoibríoch chuig an Aontas Eorpach (trí aontacht na hÉireann) is amhlaidh is fearr é."

## TUAIRIM ÓN LUCHT FÉACHANA

**Colin Harvey:** "Ba mhaith liom tosú trí mholadh a thabhairt don Choimisiún um Thodhchaí na hÉireann as na saincheisteanna tábhachtacha seo a chlúdach. Baineann mo cheist leis an méid atá le déanamh ag an gheilleagar do dhaoine, an cheist maidir le feabhas a chur ar shaol na ndaoine ar oileán na hÉireann. Ceann de na hargóintí suntasacha ar son an athraithe seo ná go mbeidh daoine níos fearr as agus gur sochaí níos cothroime a bheidh ann do chách. Ba mhaith liom ceist a chur ar an phainéal faoin fhéidearthacht go n-osclóidh sé seo chun comhionannas, cothroime agus folláine na nglúnta atá le teacht a fhorbairt maidir leis an dóigh a smaoinímid ar an gheilleagar. Nuair a gheallaimid go mbeidh daoine níos fearr as, tarlaíonn sé sin i ndáiríre mar is ceart."

**Ciarán –** "Cén tionchar a bheadh ag geilleagar uile-oileáin ar an chultúr agus ar an ealaín? Taobh amuigh de na príomhionaid ealaíne tráchtála atá againn ó thuaid, maoiniú do na healaíona beaga neamhspleácha, an mbeadh aon éifeacht aige sin? Is iondúil go ndéantar na healaíona a chiorrú ar dtús in athruithe buiséid. An n-íocfadh muid ceadúnas teilifíse le RTÉ nó BBC a bheadh ina chraoltóir náisiúnta?"

**Pat Walsh –** "Dea-scéal aréir faoi 260 teach nua sóisialta agus inacmhainne in Iarthar Bhéal Feirste. An leanfar leis an fhorbairt do thithe sóisialta agus inacmhainne, cad as a dtiocfaidh an t-airgead? Agus iad ag iarraidh tithe sóisialta agus inacmhainne a chur ar fáil, tá fadhbanna móra ag forbróirí agus tógálaithe le comhlachtaí reachtúla ar nós NI Water, NI Electricity agus na pleanálaithe."

**"Raymond McCord** is ainm dom, is as an phobal aontachtach mé. Cad é an difríocht idir Éirinn nua agus aontacht na hÉireann? Rangaím mé féin ag an nóiméad mar aontachtach agus ba mhaith liom fanacht mar chuid den Bhreatain.







Caithfidh go bhfuil beagán oideachais ann maidir le meas a bheith acu ar a chéile. Ba mhaith liom go mbeadh imeachtaí mar sin cosúil leis an méid a dhéanaimid in imeachtaí na n-íospartach agus iad a dhéanamh go hiomlán trasphobail agus níl drochmheas agam ort ar bhealach ar bith. Ba mhaith liom a rá nach mbeadh a lán daoine sásta liom ag teacht anseo ach tá mé anseo do mo gharchlann agus a dtodhchaí agus sin an rud a vótálfaidh mé air.

Ba mhaith liom níos mó de seo a fheiceáil ag tarlú agus déarfainn le daoine, daoine a bhfuil tionchar acu ar an taobh phoblachtach agus náisiúnach, nach ionann an t-aontachtas agus baicle daoine ar Bhóthar na Seanchille, is ann dó ar fud na tíre. Ní fheiceann muid ionadaíocht cheart ar dhaoine aontachtacha maidir le díospóireachtaí mar seo. Ní thuigim cúrsaí airgeadais, ach ceann de na rudaí a bheidh á rá ag aontachtaithe ná 'an bhfuil siad ag iarraidh muid a cheannach?' 'An bhfuil siad ag iarraidh muid a cheannach isteach in Éirinn aontaithe?'

Caithfear níos mó a mhíniú agus an bealach is fearr de réir mar a fheicimse é ná trí dhaoine a thabhairt le chéile, má tá tú chun plé a dhéanamh faoi Éirinn nua nó Éire uile, ní mór do gach pobal a bheith páirteach ann.

Agus í ag déanamh achoimre, **d'fhiafraigh Cathy Gormley-Heenan** den phainéal faoin dóigh a bhféadfaí na coincheapa airgeadais a dhéanamh níos sothuigthe, an dóigh leis an taighde a athphacáistiú don fhearann poiblí chun é a dhéanamh níos intuigthe do dhaoine. Ceist Colin faoin deis comhionannas a chothú sa gheilleagar, cúrsaí cultúir agus ealaíon Ciarán agus Pat maidir le tithíocht shóisialta agus dearcadh Raymond ar son an aontais agus an rud is fearr do gharpháistí ó thaobh todhchaí eacnamaíochta de."

**D'fhreagair Caoimhe Archibald ag rá:** "Tá ceisteanna idirnasctha curtha ag Colin agus Raymond. Ceapaim go mbeidh Éire nua mar thoradh ar an athaontú, is bunreacht nua a bheidh ann a mbeidh muid ag iarraidh a fhorbairt, caithfear leas na nglúnta atá le teacht a neadú sa mhéid sin, tá samplaí maithe amuigh ansin – an rud a dhéanann an Bhreatain Bheag sa spás sin. Tá fíordheis ann a chinntiú gurb iad cothroime eacnamaíoch agus ceartas sóisialta na prionsabail ar a dtógfaimid bunreacht nua agus Éire nua.

Tá deiseanna ollmhóra ann don chultúr agus do na healaíona in Éirinn nua agus thuaidh agus theas bíonn muid ag feidhmiú i bhfad os cionn ár meáchain maidir le tacaíocht a thabhairt do na healaíona. Ó dheas tá tacaíocht mhaith acu i gcomparáid leis an tuaisceart. Ba chóir dúinn tacaíocht níos fearr a thabhairt ó thuaidh.

Maidir le gealltanais tithíochta sóisialta, tá dúshláin ollmhóra ann maidir lenár mbuiséid ó thaobh infheistíocht chaipitil agus buiséid acmhainní de agus tá

dúshlán mór romhainn i mbliana. Tá an tiomantas chun tithíocht a chur i gcrích iomlán agus tá muid chun breathnú ar na roghanna go léir maidir leis sin agus chomh luath agus a bheidh rialtas nua sa Bhreatain an tseachtain seo chugainn déanfaimid an cás go láidir go gcaithfear infheistíocht a dhéanamh san infreastruchtúr, i dtithíocht go háirithe ach i bhfuíolluisce, bóithre agus fuinneamh in-athnuaite freisin."

## TUAIRIM ÓN LUCHT FÉACHANA

**Damian McCabe** – "A bhuíochas d'Airí Shinn Féin chonaic muid fócas ar Dhoire agus ar an Iarthuaisceart den chéad uair ó thús an Stáit seo. Téann 80% - 90% den mhaoiniú agus den tacaíocht airgeadais go Béal Feirste. I nDoire tá Ollscoil Mhig Aoidh á leathnú agus tá Invest NI á thabhairt agat thar Mhám Ghleann Sheáin, ach leis na dúshláin atá ann faoi láthair cad é mar is féidir linn maoiniú a fháil agus cad é mar is féidir linn garspriocanna a chur i bhfeidhm? Tá na leibhéil díothachta is airde, an t-ioncam indiúscartha is ísle, an dífhostaíocht is airde i nDoire, i nDún na nGall agus i dTír Eoghain mar aonad geografach agus is é mo phointe, le hionchas 5-10 mbliana d'Éirinn aontaithe,ní féidir le Doire agus leis an iarthuaisceart fanacht, ní mór dúinn aistriú."

**John Doherty – Regen:** "Aon uair a fheiceann muid go stairiúil an dóigh a ndéantar an Roinn Airgeadais a reáchtáil ó thuaidh faigheann tú an tuiscint seo i gcónaí go bhfuil tú ag léim ó ghéarchéim amháin go géarchéim eile. Cén bacainní atá oraibh i bhur mbarúil, ar fud na bpáirtithe go léir ó thuaidh, fís a chur i gcrích a thabharfaidh muid isteach sa chéad ghlúin eile?"

**Kevin** – "Maidin Dé hAoine seo chugainn dúiseoidh muid le rialtas Keir Starmer sa Bhreatain agus in ainneoin go bhfuil brabúis ollmhóra ag comhlachtaí, agus in ainneoin go bhfuil an aicme shaibhir níos saibhre fós le 15 bliain anuas; tá pá do ghnáthdhaoine gan bogadh le blianta fada, is beag atá geallta ag Starmer ó thaobh é seo a leigheas. Cad é a bheadh geallta in Éirinn aontaithe, cad é a bheadh geallta ag ceannairí Shinn Féin dá mbainfí sin amach agus cad iad na beartais fhioscacha a d'úsáidfí lena chinntiú go mbeadh cúngú ar an bhearna idir lucht an rachmais agus na boicht?"

**Ciarán O'Neill** – "Tá baint agam leis an mhótarspórt agus le saol na gcarr clasaiceach agus ar dtús ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Deirdre Hargey as iarracht a dhéanamh Railí an Domhain a thabhairt ó thuaidh. Tá acmhainneacht ollmhór turasóireachta aige, tá deis againn anois in Éirinn é a thabhairt chun cinn, mar sin tá súil againn go n-oibreoidh Piaras air seo. Is í an cheist atá agamsa ná cad a tharlóidh do chlárú feithiclí nuair a théimid go hÉirinn aontaithe mar níl clárúcháin phearsantaithe ag Éirinn ach tá sé againn ó thuaidh agus tá go leor airgid infheistithe ag daoine ar chlárúcháin phearsanta."

**D'fhreagair Conor Murphy ag rá –** "Baineann an pholaitíocht le sonas na ndaoine agus baineann forbairt an gheilleagair le sochaí níos cothroime a bheith ann inar féidir le daoine a bheith comhlíonta agus dóthain a thuilleamh chun iad a choinneáil ar bhealach maith maireachtála. Tá toimhde ann i gcónaí nach mbeidh aontú ach ag ionsú rud amháin isteach sa rud eile. Tá rudaí a dhéanann an tuaisceart níos fearr ó thaobh na sochaí de ná ó dheas. Mar shampla, tá mé féin agus Caoimhe agus Gordon Lyons, an triúr Airí, ag obair le chéile ar thionscadail tógála shaibhreas pobail. Tá dhá scéim phíolótacha ann, ceann i nDoire agus ceann i Latharna atá ag obair go dlúth le chéile. Nuair a bhí mé san Aireacht Airgeadais bhí mé ag obair ar sholáthar bhí muid ag tabhairt isteach conarthaí luach sóisialta i soláthar rialtais, ní féidir leat conradh rialtais a fháil anois ó thuaidh mura bhfuil tú ag íoc an fíorphá maireachtála le daoine, caithfidh tú 10% a bheith agat, go luath le bheith 20%, luach sóisialta ceangailte le conarthaí rialtais. Mar sin, fiú lenár dteorainneacha tá béim ar leas eacnamaíoch a úsáid chun gach duine a ardú, murab ionann agus na páirtithe bunaíochta ó dheas a fhágann é chuig 'an margadh' chun aire a thabhairt do rudaí agus beidh rudaí cothrom le chéile de réir mar a thagann siad. Tá dúshláin ollmhóra sa stát ó dheas maidir le bochtaineacht, díothacht agus leithlisiú sóisialta.

Tá cónaí orainn go léir i gcontaetha cois teorann agus mar sin tá a fhios againn cad é mar atá sé ar imeall an dá stát.

Cén chuma atá ar Éirinn nua, mar sin, seachas Éire aontaithe? Is minic a bhaineann an díospóireacht leis an stát 6 chontae a shú isteach sna struchtúir



atá ann cheana féin.




Is deis cheart í seo chun rud éigin nua agus níos fearr a chruthú a thugann aitheantas don fhéiniúlacht shuntasach Bhriotanach in Éirinn agus a théann i ngleic leis sin san ullmhúchán ríthábhachtach, agus i dtéarmaí chomhdhéanamh bunreachtúil na hÉireann nua chun meas agus áit chuí a thabhairt do dhaoine nach mbraitheann compordach le féiniúlacht Éireannach.

Sin an difríocht idir Éirinn aontaithe a bheith againn, is iarracht dáiríre é an t-idirphlé seo a bhaint amach agus tá a fhios agam go bhfuil an cheist seo i bhfad níos doimhne ná cúrsaí airgeadais agus tá a fhios agam go bhfuil i bhfad níos mó i gceist leis an méid a cheapann agus a mhothaíonn aontachtaithe faoina n-áit agus faoin todhchaí agus tá drochmheas ag daoine laistigh den traidisiún aontachtach ar an tuiscint gur féidir linn aontachtachas a cheannach isteach in Éirinn aontaithe mar ní hé sin an príomhspreagadh atá acu maidir leis an dearcadh atá acu.

Caithfimid an spás don athrú a dhéanamh chomh compordach agus is féidir. Ní chuirfear stop le taoide an athraithe dhéimeagrafaigh agus ní bheidh ceachtar acu den tuairim atá ag dul i méid go ndéanann an creat bunreachtúil reatha dochar dúinn ó thaobh na heacnamaíochta, na polaitíochta agus na sochaí de. Mar sin, tá dualgas orthu siúd atá ar son an athraithe dul i ngleic leo siúd nach mbraitheann ar an dóigh chéanna. Is spás cruthaithe ag Sinn Féin é an spás seo inniu agus tá sé oscailte agus daonlathach agus cuimsitheach mar is féidir ach bheadh tionchar i bhfad níos mó ag rialtas na hÉireann air sin a dhéanamh.

D'fhreastail mé ar ócáid Féile roinnt blianta ó shin ag a ndearna medic aontachtach mór le rá an pointe nach ndúirt Taoiseach na hÉireann riamh gur mhaith leo go mbeadh aontachtaithe mar chuid d'Éirinn aontaithe.

Níl mé ag iarraidh Éire aontaithe a eisiann daoine, ní rud é sin a bhfuil mé ag dréim leis ar chor ar bith. Tá Éire nua uainn i ndáiríre.



Maidir leis an chothromaíocht réigiúnach, tá muid ag cur béime ansin. Is tiománaí eacnamaíochta é Ollscoil Mhig Aoidh don iarthuaisceart ach mar atá ráite ag Piaras, tá na fadhbanna san iarthuaisceart trasna na teorann. Mar sin, tá naisc againn le gníomhaireachtaí ó dheas chun iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar an athrú. Ní bhaineann sé le fanacht le hÉirinn aontaithe, tá na rudaí seo ag tarlú anois."

## TUAIRIMÍ DEIRIDH

**Agus é ag tabhairt ráiteas scoir thar ceann phainéal Shinn Féin, dúirt Piaras Ó Dochartaigh** – "Caithfidh an geilleagar freastal ar an tsochaí, ní féidir leis a bheith ar an bhealach eile thart mar sin nuair a labhraímid faoi phoitéinseal gheilleagar uile an oileáin a scaoileadh, cén fáth a bhfuilimid ag caint faoi sin? Is toisc go dteastaíonn uainn go mbeadh poist chuibhiúla ag daoine, go mbraithfidh siad go bhfuil luach orthu ina n-áit oibre, ba mhaith linn a bheith in ann ioncam cánach a bheith acu chun tacú leis na cineálacha seirbhísí atá uainn, bíodh sin infheistíocht sna healaíona, sa bhonneagar sláinte agus sna réimsí sin ar fad.

Sin ceann de na dúshláin ó dheas ina bhfuil geilleagar an-láidir againn, le farasbarr agus fás a bhfuil éad ar an Eoraip as agus Infheistíocht Dhíreach Eachtrach le go leor cuideachtaí teicneolaíochta mór le rá a bhfuil ceanncheathrú acu i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh ach fós tá leanaí againn a bhfuil scolóis orthu nach féidir leo cóir leighis a fháil, tá daoine faoi mhíchumas againn nach féidir leo rochtain a fháil fós ar an chúram sláinte a theastaíonn uathu agus ina bhfuil 4000 leanbh fós ina gcónaí in óstáin toisc nach bhfuil aon tithe ann dóibh.

Ba mhaith liom cónaí in Éirinn nua, ní hamháin in Éirinn aontaithe nach féidir le páiste obráid a fháil fós chun a scolóis a leigheas. Ní hé sin an cineál Éire ar mhaith liom a

bheith páirteach ann. Is deis iontach é seo dúinn a shamhlú cad é an rud is fearr ar an oileán seo agus an rud nach n-oibríonn dúinn a fhágáil inár ndiaidh.

Tá deis ar leith ann, trí Chomhaontú Aoine an Chéasta a dheimhníonn athrú bunreachtúil trí phróiseas daonlathach. Tá gach seans ann mura dtapóidh muid an deis seo nach gceadódh fórsaí coimeádacha atá sásta leis an status quo ach reifreann a chiallódh go mbeadh an tuaisceart ceangailte leis an deisceart.

Sílim go bhfuil na healaíona agus an cultúr mar chuid de sin agus bhí plé maith againn air sin i gcuid d'imeachtaí an Choimisiúin roimhe seo. Níor cheart go mbeadh iomaíocht ann ó thaobh maoiniú thuaidh agus theas de. Beidh go leor de na cinntí ar nós ceadúnais teilifíse ag brath ar cé atá sa rialtas in Éirinn nua. Tá Sinn Féin ag iarraidh deireadh a chur leis an cheadúnas teilifíse.

Maidir leis an iarthuaisceart agus an dóchas atá ann, tá obair mhór á déanamh ansin, tá Sinn Féin agus an Roinn Geilleagair ag díriú air seo, ó thaobh cothroime de, tá obair chómhalartach déanta ag rialtais na hÉireann i ndiaidh a chéile. Chinntigh Comhaontú Chill Rímhinn go ndéanfadh rialtais na hÉireann agus na Breataine cómhaoiniú ar bhóthar an A5 agus go mbainfeadh an t-iarthuaisceart leas as sin. Tá i bhfad níos mó le déanamh, tá margadh cathrach de dhíth orainn, agus margadh do réigiún cathrach Dhoire, Leitir Ceanainn, níl san Athbhreithniú Iarnróid Uile-Oileáin ach athbhreithniú, caithfimid breathnú anois ar an infreastruchtúr, chuaigh roinnt comhghleacaithe agus mé féin chuig an Choimisiún Eorpach os cionn 20 bliain ó shin le léarscáil agus thaispeáin muid an gréasán mótarbhealaigh, an gréasán iarnróid agus d'fhiafraigh sé i ndáiríre an raibh an t-iarthuaisceart ina fhásach. Ní dhéanann sé ciall don 4ú cathair is mó, Doire, nach bhfuil ceangailte go díreach le Baile Átha Cliath. Is rudaí bunúsacha iad seo a chuirfeadh deiseanna ollmhóra ar fáil agus a chuirfeadh rochtain níos fearr ar fáil.

Maidir le Railí an Domhain is rud é seo atá ardaithe againn cheana féin leis an rialtas agus tá siad ag obair air. Is breá liom gur féidir leat breathnú ar charr agus tá a fhios agam cén réigiún as a dtagann sé. Níor chuala mé plé riamh ar uimhreacha pearsnaithe i bplé ar Éirinn nua ach léiríonn sé go mbeidh a thuairim féin ag gach duine ar ábhair a bhaineann leo féin.

Ó thaobh na hullmhachta de, sílim go bhfuil an córas polaitiúil ó dheas ag tuiscint anois go gcaithfidh siad pleanáil agus ullmhú. Léiríonn torthaí an toghcháin ó thuaidh athruithe déimeagrafacha agus an fhíric gur chuir an Breatimeacht borradh faoin chomhrá. Mar thoradh ar an obair ríthábhachtach a dhéanann Todhchaí na hÉireann chun dul i ngleic leo siúd go léir ar fud na deighilte polaitiúla, tá tuiscint níos fearr ann go gcaithfidh an bhunaíocht pholaitiúil pleanáil.

Dá mbeadh Sinn Féin sa rialtas bhunódh muid na fóraim atá ag teastáil ach sílim go bhfuil tuiscint níos fearr ann ar an scoilt pholaitiúil ar an ghá atá ann é sin a dhéanamh. Tuigeann daoine ó dheas anois go bhfuil reifreann ann tá siad ag breathnú trasna an uisce ar an reifreann Breatimeachta mar a ndearnadh vóta gan aon phleanáil.

An chuma atá ar an ullmhacht sin ná go bhfuil an fóram de dhíth orainn, an coiste Oireachtais uile-oileánda atá ag glacadh leis na páirtithe go léir thuaidh agus theas, teastaíonn an fóram cathartha nó an tionól bunreachtúil uainn, áit ar féidir leis an tsochaí shibhialta a bheith rannpháirteach agus oscailte do chách agus ní mór don rialtas páipéar glas a chur le chéile chun tús a chur leis an chomhrá ag leibhéal stáit. Beidh reifreann ar siúl agus is é mo thuairim go mbuafar é, mar sin cad atá á dhéanamh ag gnólachtaí agus earnálacha éagsúla chun ullmhú dó seo, earnáil na nEalaíon, an CLG, ach sílim gurb é an pointe tosaigh a bheidh ann ná nuair a deir an rialtas go bhfuil siad chun páipéar glas a chur le chéile agus tús oifigiúil a chur leis an chomhrá."

Chuir **Cathy Gormley-Heenan** clabhsúr le himeachtaí trí bhuíochas a ghabháil leis an phainéal agus leis an lucht féachana as an méid a rinne siad.  Mhol sí do dhaoine aiseolas a thabhairt don Choimisiún faoin chruinniú agus faoin todhchaí i gcoitinne.



Sinn Féin

SinnFein @sinnfeinireland @sinn_fein www.sinnfein.ie